**RABADH**

**Ní mór duit an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar nó mura gcuirtear, caillfear marcanna.**

Scríobh do Scrúduimhir anseo:

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2011**

# TÍREOLAÍOCHT – ARDLEIBHÉAL

## ROINN 1 – FILLTEÁN (60 marc)

**DÉ hAOINE, 10 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 - 11.30**

| Greille Mharcála an Fhillteáin | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Ceisteanna | | Marc | Scrúdaitheoir | Scrúdaitheoir Comhairleach |
| | | @ | 3 | | |
| | | @ | 2 | | |
| | | @ | 1 | | |
| | | @ | 0 | | |
| Iomlán | | | | | |


**NÓTA: TÁ ROINN 2 DEN SCRÚDÚ SEO AR PHÁIPÉAR AR LEITHLIGH**

**ROINN 1 (60 MARC)**

Freagair **GACH** ceist.
Tá rogha agat laistigh de thrí cheist.
Déan deimhin de go gcuireann tú an fillteán seo ar ais le do fhreagarleabhar.
Mura gcuireann tú, caillfidh tú marcanna.

## 1. AN DOMHAN

Taispeánann an léaráid an taobh istigh den Domhan.




Ainmnigh na sraitheanna den taobh istigh den Domhan marcáilte **A**, **B** agus **C**.

**A** ______________________________

**B** ______________________________

**C** ______________________________

## 2. BOLCÁIN

Taispeánann na fótagraif cineálacha éagsúla bolcán.










Comhlánaigh na habairtí a leanas:

(i) Is é a thugtar ar bholcán a bhrúchtann go rialta ná ________________________.

(ii) Is é a thugtar ar bholcán nár bhrúcht le fada, ach a bhféadfadh sé brúchtadh arís ná ______________________.

(iii) Is é a thugtar ar bholcán nár bhrúcht ó thús ré na staire ná ____________________.

**3.** **LOMAIRT**



Tá an charraig bhriste a fhaightear ar an talamh ard seo, Cruach Phádraig, ann mar thoradh ar an:

| | |
|---|---|
| Tuaslagadh | ☐ |
| Síonchaitheamh meicniúil (fisiceach) | ☐ |
| Carbónú | ☐ |

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

**4.** **CARRAIGEACHA**


Ciorclaigh an rogha cheart i **ngach ceann** de na ráitis thíos:

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Is carraig thréscaoilteach í an ghaineamhchloch. | ***Fíor / Bréagach*** |
| (ii) | Is carraig bhán í basalt. | ***Fíor / Bréagach*** |
| (iii) | Is carraig dhríodair é an marmar. | ***Fíor / Bréagach*** |


## 5. CAIRTEACHA AIMSIRE

Scrúdaigh na cairteacha aimsire thíos.
Meaitseáil **gach ceann** de na téarmaí thíos leis an gcairt chuí agus an freagra ceart á scríobh agat sna spásanna a thugtar.

| Isiteirmeacha | Iseabair | Isihiaití |
|---|---|---|




**A** ______________________________




**B** ______________________________




**C** ______________________________

**6. GLÉASANNA AIMSIRE**

Scrúdaigh an fótagraf agus comhlánaigh an t-alt thíos.




Is é a thugtar ar an mbosca bán seo ná ________________ __________________.

Tomhaistear_____________________ agus úsáid á baint as teirmiméadar uasta is íosta (uasteochta is íosteochta) laistigh den bhosca seo.  Faightear taismhéadar istigh sa bhosca freisin a thomhaiseann________________________.

**7. AIBHNEACHA**

Taispeánann an fótagraf abhainn ag scoilteadh a bruacha agus ag tuile amach ar an talamh máguaird.




Ciorclaigh an freagra ceart i **ngach ceann** de na ráitis thíos:


(i) Is é a thugtar ar an ngné ag **X**, áit a bhfuil an abhainn ag briseadh amach, ná ***leibhé / deilt***.

(ii) Faightear gnéithe mar seo ag ***céim óigeanta / aosta*** abhann.

(iii) Is é a thugtar ar shil-leagan a fhágtar i ndiaidh tuile mar seo ná ***moiréan / glár***.

**FREAGAIR 8A NÓ 8B**

## 8A. CÓSTAÍ




Scrúdaigh an fótagraf thuas.
Ciorclaigh an freagra ceart i **ngach ceann** de na ráitis a leanas:

(i) Foirmítear na gnéithe ag **Y** mar thoradh ar phróiseas ***an chreimthe / an tsil-leagain*** mhuirí.

(ii) Is tonnta ***tógála / scriosacha*** iad na tonnta a fhoirmíonn na gnéithe seo.

(iii) Faightear gnéithe cosúil le seo ar chósta thiar na hÉireann. ***Fíor / Bréagach***.

**NÓ**

## 8B. OIGHRIÚCHÁN



Scrúdaigh an fótagraf thuas.
Ciorclaigh an freagra ceart i **ngach ceann** de na ráitis a leanas:

(i) Is gné a bhaineann le ***hoighearchreimeadh / sil-leagan oighreach*** í an loch sa phictiúr seo.


(ii) Is é a thugtar ar an loch sa phictiúr seo ná ***airéit / comloch***.

(iii) Faightear an loch seo ar ***thalamh ard*** / ***thalamh íseal*** i gceantar oighreach.

**FREAGAIR 9A NÓ 9B**

**9A. FAIRSINGIÚ FÁSAIGH**

Scrúdaigh léarscáil na hAfraice thíos agus freagair na ceisteanna a leanas:




(i) Ainmnigh an ceantar scáthlínithe **X**, ar an léarscáil ó dheas ó Fhásach an Sahára agus ina dtarlaíonn fairsingiú fásaigh.

Ainm ___________________________

(ii) Ainmnigh **dhá** réiteach ar an bhfairsingiú fásaigh.

1. _______________________________________________________

2. _______________________________________________________

**NÓ**

**9B. CÚNAMH**

Ainmnigh **trí** chineál cúnaimh a thugann tíortha níos saibhre do thíortha níos boichte.

1. ________________________________

2. ________________________________

3. ________________________________

**FREAGAIR 10A NÓ 10B**

## 10A. FÁSRA NÁDÚRTHA




Ciorclaigh an freagra ceart i **ngach ceann** de na ráitis a leanas:

(i) Tá crainn bhuaircíneacha tar éis iad féin a chur in oiriúint don aeráid trína gcuid spíonlach a ***choimeád / chailliúint*** sa gheimhreadh.

(ii) Tá crainn bhuaircíneacha tar éis iad féin a chur in oiriúint don áit ina bhfásann siad trí fhréamhacha ***fada / gearra*** a bheith acu.

(iii) Do cheantair ar thalamh ***ard / íseal*** is fearr a oireann na crainn bhuaircíneacha.

**NÓ**

## 10B. POLDAIR



Ciorclaigh an freagra ceart i **ngach ceann** de na ráitis a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Tagraíonn poldair do thalamh a tugadh chun míntíreachais. | ***Fíor / Bréagach*** |
| (ii) | Tá cáil ar an nGearmáin as ucht a tírdhreach poldar. | ***Fíor / Bréagach*** |
| (iii) | Tá fianaise ar fheirmeacha pleanáilte le feiceáil sna poldair. | ***Fíor / Bréagach*** |

## 11. GNÍOMHAÍOCHT GHEILLEAGRACH

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a thaispeáint cé acu **trí** ráiteas atá ceart.

1. Ní mór do thionscail nua-aimseartha lonnú in aice le hamhábhair fós.
2. Is tionscail gan chuing iad tionscail nua-aimseartha.
3. Is sampla de ghníomhaíocht gheilleagrach thánaisteach í an mhianadóireacht.
4. Is é is caipiteal ann ná an t-airgead a úsáidtear chun tionscal a bhunú.
5. Is sampla de ghníomhaíocht gheilleagrach threasach iad poist in earnáil an airgeadais.

| | |
|---|---|
| 1, 2, 3 | ☐ |
| 2, 3, 4 | ☐ |
| 1, 3, 5 | ☐ |
| 2, 4, 5 | ☐ |

## 12. ITHREACHA

| | | |
|---|---|---|
| *húmas* | *léaslínte* | *cruachiseal* |
| *láisteadh* | *podsal* | *ithreacha donna* |

Úsáid cuid de na focail as an mbosca thuas chun na habairtí thíos a chomhlánú.

(i) Is é a thugtar ar shraitheanna ithreach ná __________________.

(ii) _____________________ na hithreacha is coitianta in Éirinn.

(iii) Nuair a dhéanann plandaí dianscaoileadh, cruthaíonn siad________________.

**13. UIRBIÚ**

Sna boscaí a thugtar, meaitseáil gach ceann de na litreacha i **gColún X** le huimhir a péire i **gColún Y**. Tá péire amháin déanta duit.

| Colún X | |
|---|---|
| A | Sraoilleáil Uirbeach |
| B | Lárcheantar Gnó (CBD) |
| C | Suiteoirí |
| D | Athnuachan Uirbeach |

| Colún Y | |
|---|---|
| 1 | Ceantar ina bhfuil oibrithe sár-oilte. |
| 2 | Daoine a ghabhann seilbh ar thithe go neamhdhleathach. |
| 3 | Struchtúir nua-aimseartha á gcur in ionad seanfhoirgneamh. |
| 4 | Fás gan phleanáil ar chathair. |

| X | Y |
|---|---|
| A | |
| B | |
| C | 2 |
| D | |

**14. ACMHAINN NÁDÚRTHA**

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a thaispeáint cé acu **trí** ráiteas atá ceart.

1. Tá na bratphortaigh an-domhain, suas le 10 méadar ar doimhneacht.
2. Is i lár na tíre is mó a fhaightear na portaigh ardaithe.
3. Déanann Bord na Móna forbairt ar thionscal móna na hÉireann.
4. Baineann grádóir an mhóin ar an bportach.
5. Is foinse fuinnimh neamh-in-athnuaite í an mhóin.

1, 3, 4 ☐


1, 4, 5 ☐

2, 3, 5 ☐

3, 4, 5 ☐

**15.** **DAONRA**

Taispeánann an graf thíos daonra iomlán na hÉireann de réir aoisghrúpa ón daonáireamh sa bhliain 2006.




Scrúdaigh an graf thuas agus freagair na ceisteanna a leanas:

(i) Cén t-aoisghrúpa ina raibh an daonra ba mhó sa bhliain 2006?

__________________________

(ii) Cén **dá** aoisghrúpa a áirítear sa chóimheas cleithiúnais?

1. ______________________

2. ______________________

**16.** **BAILTE SEANTÁN**

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a thaispeáint cé acu **trí** ráiteas atá ceart.

1. I mbailte seantán is fadhbanna móra iad sláintíocht easnamhach agus uisce neamhghlan.
2. Is sampla d'áit lonnaithe phleanáilte é baile seantán.
3. Tugtar favelas ar na bailte seantán in Calcúta.
4. Bíonn na rátaí breithe ard i mbailte seantán.
5. Is ceantair le dlús ard daonra iad na bailte seantán.

1, 3, 4 ☐

1, 4, 5 ☐

2, 3, 5 ☐

2, 4, 5 ☐

**17. LÉARSCÁIL SHUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS**

Déan staidéar ar an léarscáil Shuirbhéireacht Ordanáis a thugtar duit.
Ainmnigh an gréasán lonnaíochta suite ag Q 423 003 ar an mbóthar R 559.

Is é a thugtar ar an ngréasán lonnaíochta ná ______________________ .

**18. LÉARSCÁIL SHUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS**

Déan staidéar ar an léarscáil Shuirbhéireacht Ordanáis a thugtar duit.
Cuir in iúl cé acu fíor nó bréagach atá **gach** ráiteas agus ciorclú á dhéanamh agat ar an bhfreagra ceart.

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Tá an pointe is airde ar an léarscáil ag Q 515 064. | ***Fíor / Bréagach*** |
| (ii) | Ó thuaidh a shreabhann Abha Bhaile an Mhuilinn. | ***Fíor / Bréagach*** |
| (iii) | Tá teach solais lonnaithe ag V 465 990. | ***Fíor / Bréagach*** |

**19. AERFÓTAGRAF**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf den Daingean a thugtar duit.
Is é atá san fhótagraf seo ná:

Fótagraf ceartingearach. ☐

Fótagraf sceabhach. ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

**20. AERFÓTAGRAF**



Taispeántar na báid seo ar an aerfótagraf a thugtar leis an bpáipéar seo.

Luaigh suíomh na mbád seo agus bain úsáid as an ngnáthnodaireacht (cúlra ar clé, lár ar dheis, lár an tulra etc.).

Suíomh ________________________________________